NSAI

Tuarascáil Bhliantúil 2018

# Feabhas a Chumhachtú













Trí shaineolas caighdeán, deimhniúchán agus tomhais den scoth, **tugann NSAI an fhíorchiall le feabhas...**



**Le haghaidh tomhaltóirí,** baineann sé le muinín agus iontaoibh a bheith acu, i ndomhan roghanna.



**Le haghaidh gnólachtaí**, baineann sé le héifeachtacht agus feidhmíocht den chéad scoth a léiriú, ag dul san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

**D'Éirinn**, baineann sé lenár gcáil agus an acmhainneacht le haghaidh fás eacnamaíoch a neartú i margadh domhanda atá ag teacht chun cinn.














Táimid anseo chun
**feabhas a chumhachtú.**







Mar phríomhsholáthraí na hÉireann de shaineolas caighdeán, deimhniúcháin agus tomhais, tá an NSAI tiomanta don trádáil agus don nuálaíocht a éascú, muinín custaiméirí a chothú, agus tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

## SRACFHÉACHAINT AR 2018

**1,318**
CAIGHDEÁN FOILSITHE

**5**
CAIGHDEÁN ÚR ÉIREANNACH CRUTHAITHE

**1,615**
COMHALTA DE CHOISTÍ SAINEOLAITHE

**136,537**
CAIGHDEÁN A nAMHARCADH ORTHU NÓ A ÍOSLÓDÁLADH

**2,922**
ÚSÁIDEOIR CLÁRAITHE ‘YOUR STANDARDS YOUR SAY’

**11,931**
CAIGHDEÁN DÍOLTA

**MDSAP**
AITHNÍODH NSAI MAR EAGRAÍOCHT INIÚCHÓIREACHTA LE hAGHAIDH CLÁR INIÚCHÓIREACHTA AONAIR FEISTÍ LEIGHIS

**9,311**
CEADÚ TÁIRGÍ MÓTARFHEITHICLE

**850**
INIÚCHADH AR CHÓRAIS BAINISTÍOCHTA

**4,627**
CALABRÚ UIRLISÍ TOMHAIS

**15,660**
INIÚCHADH DÉANTA AR UIRLISÍ TOMHAIS SA TRÁDÁIL

**4,260**
ÁITREABH AR THUG MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL CUAIRT ORTHU

**3,183**
LEANTÓIR AR TWITTER

**24**
CÚRSA OILIÚNA TEICNIÚLA A SEACHADADH CHUIG OS CIONN 50 CUIDEACHTA

# CLÁR NA nÁBHAR

| | |
|---|---|
| Réamheolas faoi NSAI | 10 |
| Misean, Fís agus Luachanna | 11 |
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach | 12 |
| Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach | 14 |
| Caighdeáin | 18 |
| Méadreolaíocht | 22 |
| Deimhniúchán | 26 |
| NSAI Inc | 31 |
| Ráitis maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 35 |
| Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite | 48 |

# NSAI
# RÉAMHRÁ


**Is é NSAI an t-údarás stáit a gcuirtear de chúram air an fhreagracht as caighdeánú, measúnú comhréireachta agus tomhas. Is é a phríomhaidhm feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht an ghnó Éireannaigh agus muinín tomhaltóirí a threisiú trí chaighdeánú.**

Déanann sé an sainchúram sin trí chaighdeáin a fhorbairt, cigireacht a dhéanamh ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus deimhnithe a eisiúint maidir le cur chun feidhme caighdeán ar earraí, ar chaighdeáin agus ar thomhais.

Tairgeann an NSAI catalóg seirbhísí deimhniúcháin, rud a thugann na huirlisí do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí lena thaispeáint go gcomhlíonann earraí agus seirbhísí na hÉireann na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

### Cén dóigh a mbainimid ár spriocanna amach?

— Úsáid as caighdeáin a spreagadh ar fud an tionscail
— Caighdeáin, treoracha, moltaí agus cóid cleachtais a cheapadh do na tionscail déantúsaíochta agus seirbhísí
— Rannpháirtíocht an tionscail i bhforbairt caighdeán ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a éascú
— Deimhniúchán a aithnítear go hidirnáisiúnta a thabhairt do ghnólachtaí le haghaidh táirgí, próiseas nó cleachtas
— Rochtain an tionscail ar chaighdeáin idirnáisiúnta tomhais inrianaithe a choimeád agus a chinntiú
— Seirbhísí calabraithe tomhais ardbheachtais a sholáthar
— Maoirseacht a dhéanamh ar thomhais agus ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil



## Ár **Misean**

Mar phríomhúdarás na hÉireann maidir le seirbhísí caighdeánaithe, deimhniúcháin agus tomhais, cuireann NSAI le timpeallacht ghnó bharr fheabhsaithe don trádáil agus don nuálaíocht trí fheabhas agus trí shaineolas i soláthar seirbhísí den chaighdeán is airde.

## Ár **bhFís**

A bheith mar phríomhsholáthraí na hÉireann de shaineolas caighdeán, deimhniúchán agus tomhais den chéad scoth, chun trádáil a éascú agus tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe.

## Ár **Luachanna**

**Saineolas:** Aithnímid an tábhacht a bhaineann lenár saineolas teicniúil agus spreagaimid barr feabhais a chur air go leanúnach lena chinntiú go gcoinneoimid suas le forbairtí i gcónaí.

**Díograiseach:** Cinntímid cur chuige comhsheasmhach agus dearfach inár gcuid oibre trí dhúthracht agus trí dhíograis ár bhfoirne.


**Neamhchlaonta:** Cosnaímid neamhchlaontacht NSAI, rud a chinntíonn nach mbeidh claonadh inár gcuid oibre inár ndéileálacha leis an ngnó agus leis an bpobal araon.

**Ranhpáirteach:** Tá meas againn ar ár gcustaiméirí agus taispeánaimid cur chuige ranpháirteach agus measúil trí éisteacht agus trína bheith freagrúil inár ndéileálacha le daoine eile.

**Bród inár gCuid Oibre:** Feicimid bród inár gcuid oibre mar fhorfhocail ar fheabhas agus tá gach duine freagrach as na caighdeáin is airde ina gcuid oibre.

**Críochnúil:** Tá meas againn ar críochnúlacht inár gcuid oibre nach mórdi maireachtáil agus gach athróg aitheanta á gcur san áireamh.

> “Tá sé an-spreagúil ar fad a fheiceáil go bhfuil fás ag teacht ar líon na ngnóthaí sa bhaile agus thar lear ag aithint gur féidir le caighdeáin buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh agus cuidiú leo nuálaíocht a chur ar aghaidh sa timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda atá ag teacht chun cinn.”



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach James Kennedy

**Ó thosaigh mé sa phost mar Chathaoirleach NSAI, i mí Aibreáin 2018, déanaim machnamh ar an tréimhse eachtrach ón taobh eacnamaíoch agus polaitiúil a bhí in Éirinn, agus ar fud na hEorpa araon. Gan amhras ba é Brexit mórthéama na bliana. Tá sé trí bliana ó vótáil an Ríocht Aontaithe i reifreann chun AE a fhágáil, fós táimid ar fad ag fanacht le cad a bheidh i gceist leis an imeacht ar deireadh d’Éirinn.**

In ainneoin na neamhchinnteachta bhí feidhmíocht eacnamaíoch na tíre an-láidir in 2018. Bhíomar ar bharr na sraithe fáis in AE don cúigiú bliain as a chéile le fás 5.6%. Tá an geilleagar fós ag bogadh ar aghaidh i dtreo fostaíocht iomlán, agus is ionann an ráta dífhostaíochta anois agus thart ar 5.3%.

Is é i gcoinne an chúlra sin gur lean próifíl NSAI ag fás mar an ionad barr fheabhais maidir le Caighdeáin, Deimhniúchán agus Méadreolaíocht.

Le linn 2019 óstálfaidh NSAI líon cruinnithe iomlánacha idirnáisiúnta um chaighdeánú sa réimse TFC agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ina dtabharfar le chéile na príomh-shaineolaithe domhanda ina réimsí.

Feabhas i nGníomhaíocht:

# Cuireann NSAI príomhchionta le Straitéis Dhigiteach Thionscal 4.0 Rialtas

Sholáthair NSAI ionchuir maidir le caighdeánú mar chumasóir le haghaidh déantúsaíocht chliste, lena n-áirítear tástáil agus bailíochtú caighdeán idir-inoibritheachta trí thaispeántóirí agus trí bhinsí tástála in ionaid náisiúnta RDI. Thairg an fhoireann scileanna agus oiliúint maidir le caighdeánú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta thionscal 4.0.



Ó mo rannpháirtíocht le linn 2018, is léir go bhfuil cáil sheanbhunaithe iontach ag NSAI mar eagraíocht a bhfuil an-mheas uirthi agus a bhfuil an-mhuinín aisti i measc cuid de na cuideachtaí is mó ar domhan. Tá sé an-spreagúil ar fad a fheiceáil go bhfuil fás ag teacht ar líon na ngnóthaí sa bhaile agus thar lear ag aithint gur féidir le caighdeáin buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh agus cuidiú leo nuálaíocht a chur ar aghaidh sa timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda atá ag teacht chun cinn.

Is léir gurb é Brexit ceann de na dúshláin is mó atá le sárú ag gnólachtaí na hÉireann. Beidh an caidreamh lenár gcomhpháirtí trádála is mó difriúil. Tá sé mar thosaíocht de chuid an Rialtais a chinntiú go mbeidh gnólachtaí na hÉireann ullmhaithe don athrú sin agus táim ar mo shuaimhneas a fheiceáil go bhfuil NSAI páirteach go iomlán agus go bhfuil príomhról á ghlacadh aige i bhfreagairt an Rialtais. Bhunaigh NSAI Aonad a bhaineann go sonrach le Brexit ina ndírítear ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí na hÉireann chun ullmhú d'imeacht na Ríochta Aontaithe as AE agus an tionchar a bheidh aige sin a mhaolú. D'oibrigh NSAI leis an tionscal trí pháirt a ghlacadh san fheachtas 'Getting Ireland Brexit Ready' agus stiúir NSAI Seimineáir Faisnéise Brexitchomh maith le tairseach thiomanta ghréasáin agus bileoga eolais saincheaptha a chruthú d'earnálacha éagsúla.

Ní fhéadfaidh ceann ar bith de na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo a dhéanamh gan an fhoireann chumasach ardcháilithe ag NSAI a sholáthraíonn seirbhísí caighdeán, deimhniúcháin, agus méadreolaíochta den scoth chun tairbhe gnólachtaí Éireannacha.

Faoi cheannaireacht ár bPríomhfheidhmeannaigh Geraldine Larkin táimid ar an mbealach ceart leis na spriocanna atá leagtha amach i bplean straitéiseach 2016-2020 a sholáthar agus tosóimid timthriall pleanála straitéiseach úr in 2019. Ba mhaith liom an deis a ghlacadh chomh maith chun obair na gcomhaltaí boird a mholadh a bhí chomh flaithiúil lena gcuid ama agus lena gcuid saineolais le bliain anuas.

Táim buíoch chomh maith don chuid mhór comhaltaí coiste agus saineolaithe tionscail a thug a gcuid ama go flaithiúil chun obair an chaighdeánaithe a chur chun cinn agus cuidiú le feasacht an phobail a ardú maidir leis an tábhacht atá le caighdeáin do ghnó.

Ba mhaith liom chomh maith buíochas NSAI a ghabháil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, an tAire Stáit don Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen TD agus a gcomhghleacaithe ag an Roinn as a dtacaíocht do NSAI le linn 2018.

Ar deireadh, i gcomhréir le forálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), 1996, thar ceann an Bhoird agus an Údaráis, cuirim i láthair an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018.



**JAMES KENNEDY**
Cathaoirleach

“Léirítear an luach a bhaineann le caighdeánú le leibhéal rannpháirtíocht an Tionscail le Caighdeáin trí bhallraíocht ar Choiste Comhairleach NSAI ina bhfuil os cionn 1,600 comhalta anois.”



## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach Geraldine Larkin

**Ba bhliain shonrach eile í 2018 do NSAI. Chiallaigh an neamhchinnteacht mar gheall ar Brexit dúshláin don ghnó, ach in ainneoin sin, lean an eagraíocht ag feidhmiú go láidir i rith na bliana agus méadú 11% ar an ioncam ó dheimhniúchán.**

Tá an timpeallacht náisiúnta trádála fós an-mhaith agus tá geilleagar na hÉireann ag déanamh níos fearr ná gach geilleagar eile ar fud AE arís eile. Trí sheirbhísí na forbartha caighdeán, deimhniúcháin agus méadreolaíochta, lena gcuirtear taca faoi gheilleagar trádála éifeachtach bhí príomhról ag NSAI maidir leis an rath eacnamaíoch leanúnach sin a chumasú. Tá níos mó fáis de thart ar 4.5 faoin gcéad in 2019 á thuar ag meitheal machnaimh eacnamaíoch an Rialtais, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, ach tá na figiúirí sin tuartha ar an tuiscint go mbeidh comhaontú dála Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ann idir AE agus an Ríocht Aontaithe i ndiaidh an spriocdháta úir do Brexit atá leagtha amach don 31 Deireadh Fómhair.

I ndúil le cásanna féideartha a d’fhéadfadh tarlú mar gheall ar aistarraingt na Ríochta Aontaithe as AE, bunaíodh Ionad Brexit arna mhaoiniú ag an Rialtas laistigh den eagraíocht in 2018. Is é fócas sonrach an aonaid tacú le clár “Getting Ireland Brexit Ready” de chuid an Rialtais trí fhreagairtí ar thionchair Brexit a scrúdú agus a fhorbairt trí chaighdeáin agus deimhniúchán táirgí agus seirbhísí. Tairgeann sé comhairle agus treoir do ghnólachtaí chomh maith i bhfoirm treoirlínte foilsithe agus seónna bóthair faisnéise a bhí ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud na tíre ó mhí na Nollag 2018.

Feabhas i nGníomhaíocht:

# D'fhoilsigh NSAI os cionn 1,300 caighdeán le linn na bliana rud a chur ar chumas gnólachtaí Éireannacha forbairt agus dul san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.



Mar Chomhlacht Náisiúnta Caighdeán na hÉireann, d'fhoilsigh NSAI os cionn 1,300 caighdeán le linn na bliana, lena n-áirítear cúig chaighdeán úra Éireannacha. Tá an-mheas ar na caighdeáin sin agus cuirtear an-mhuinín iontu agus cuirtear ar chumas gnólachtaí Éireannacha leo forbairt agus dul san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Dúnadh an bhearna nuálaíochta chomh maith le caighdeáin idir T&F agus an margadh trí iontaoibh agus muinín custaiméirí i réitigh úra nuálaíochta a chothú. I gcomhar leis na hIonaid náisiúnta RDI lean NSAI leis na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht na hÉireann i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta le cuideachtaí a bhaineann le T&F agus nuálaíocht a chur chun chinn.

Mar chomhalta de Choiste Náisiúnta Stiúrtha na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, sholáthair NSAI ionchuir éagsúla maidir le caighdeánú mar chumasóir le haghaidh déantúsaíocht chliste, lena n-áirítear tástáil agus bailíochtú caighdeán idir-inoibritheachta trí thaispeántóirí agus trí bhinsí tástála in ionaid náisiúnta RDI; scileanna agus oiliúint maidir le caighdeánú; agus gníomhaireacht um maoiniú le haghaidh FBManna agus taighdeoirí Éireannacha chun páirt a ghlacadh i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta thionscal 4.0.

Léirítear an luach a bhaineann le caighdeánú le leibhéal rannpháirtíocht an Tionscail le Caighdeáin trí bhallraíocht ar Choiste Comhairleach NSAI ina bhfuil os cionn 1,600 comhalta anois. Is é trí struchtúr an Choiste sin agus scáthchoistí náisiúnta a éascaíonn NSAI rannpháirtíocht thionscal na hÉireann i gcláir oibre Eorpacha agus Idirnáisiúnta maidir le forbairt caighdeán ar fud na n-earnálacha tionscail uile lena n-áirítear TFC, Ard-déantúsaíocht, Tógáil (lena n-áirítear Samhlú Faisnéise Foirgneamh - BIM), Sláinte, líonraí Leictritheicniúil agus Gáis & Fearais.

Tá fairsinge an chláir idirnáisiúnta um chaighdeánú ollmhór agus níos mó ná 5,000 tionscadal á bhforbairt in CEN-CENELEC féin agus tá 21,000 foilseachán ar fáil faoi láthair. Ba é sa chomhthéacs sin a rinneadh athbhreithniú 2018 ar Chaighdeáin a Thacaíonn le Tosaíochtaí Eacnamaíocha agus Fás Eacnamaíoch na hÉireann, rud a chur ar ár gcumas gníomhaíocht um chaighdeánú NSAI a chur i 10 gcatagóir agus díriú isteach ar na príomhréimsí amhail TFC, Tógáil/Innealtóireacht Shibhialta, Déantúsaíochta/Innealra agus Leictreach/Leictreonaic.

Aithníodh an tábhacht a bhaineann le ról NSAI mar chomhlacht caighdeán ó laistigh den earnáil TFC, agus roghnaíodh an eagraíocht chun na cruinnithe idirnáisiúnta iomlánacha um chaighdeánú a óstáil maidir le príomhréimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn san Intleacht Shaorga, Blocshlabhra agus Róbataic le linn 2019. Beidh tionchar suaiteach ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha ar fad ag an 4ú réabhlóid thionsclaíoch le haghaidh teicneolaíochtaí amhail Idirlíon na nEarraí, Cibearshlándáil, Néal, Intleacht Shaorga, Blocshlabhra agus 5G. Le próifíl NSAI san earnáil tugtar fíordheis d'Éirinn chun ról gníomhach a imirt i múnlú chaighdeáin na todhchaí lena gcuirfear taca faoi bheartais an Rialtais amhail an Straitéis náisiúnta Thionscal 4.0 agus an Straitéis Dhigiteach.

Beidh an ceanglas maidir le caighdeáin náisiúnta shonracha ansin i gcónaí, cé go mbeidh sé ar bhonn eisceachtúil. Le linn 2018 bhí foilseachán I.S. 456 – Measúnú, tástáil agus catagóiriú foirgneamh damáistithe inar corpraíodh bloic choincréite ina raibh ábhair dhochracha áirithe ina chion suntasach do chlár um leigheas an Rialtais maidir leis an ábhar seo lena mbaineann tábhacht náisiúnta.

Feabhas i nGníomhaíocht:

# An Prótacal Piríte agus Míoca Foilsithe

D'fhoilsigh NSAI i mbliana prótacal caighdeán ar a dtugtar I.S. 465, a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar thithe a meastar go bhfuil pirít nó míoca iontu. Déanfaidh innealtóirí, geolaithe agus saotharlanna tagairt de chun measúnú, tástáil agus catagóiriú a dhéanamh ar an damáiste i réadmhaoine a ndearnadh damáiste díobh le bloic choincréite lochtacha, mar gheall ar mhíoca moscóíte agus pírit iomarcach.



Tá cineál ár gcuid oibre ag teacht chun cinn i gcónaí de réir mar a fhreagraíonn teicneolaíochtaí, ábhair, táirgí agus seirbhísí úra go dearfach ar na forbairtí ina n-earnálacha agus na cinn atá tuartha don todhchaí.

Lean an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta leis na seirbhísí náisiúnta calabraithe a nuashonrú agus a shíneadh ar aon dul le ceanglais an tionscail agus dul chun cinn sa teicneolaíocht tomhais lena n-áirítear feabhas a chur ar na caighdeáin um chumas agus um thomhas sna réimsí teochta agus voltais. Leantar le taighde a dhéanamh ar phríomh-chomhpháirt de ghníomhaíochtaí na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta (SNM) agus d'oibrigh an fhoireann leis an gClár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR) ar ocht dtionscadal taighde chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhéadreolaíochta maidir leis an tsláinte, fuinneamh, comhshaol agus tionscal.

In 2018, bhí SNM ina comh-údar ar dhá pháipéar eolaíocha a cuireadh i láthair ag comhdháil dhomhanda IMEKO (an Chónaidhm Idirnáisiúnta Tomhais) maidir le méadreolaíochta a tionóladh i mBéal Feirste i mí Mheán Fómhair. Bhain na páipéir le tionscadail taighde EMPIR maidir le teirmiméadracht radaíochta agus tomhas bogthaise. Lena chois sin tá tionscadal 3 bliana á stiúradh ag SNM maidir le tomhas beacht agus iontaofa coiscis leictrigh. Tá naoi institiúid mhéadreolaíochta agus dhá institiúid acadúla bainteach leis an tionscadal arna maoiniú ag an Eoraip.

Ba bhliain mhór í an bhliain 2018 chomh maith don phobal domhanda méadreolaíochta agus NSAI ar cheann den 60 náisiún a vótáil ar son athshainiú Chóras Idirnáisiúnta na nAonad (SI) maidir le 'cileagram leictreonach' úr a chur in ionad an tseanchórais de thomhas ciliméadair. Tá an t-athrú stairiúil sin ar an aistriú aonair is mó ar an tomhas idirnáisiúnta ó síníodh Coinbhinsiún Idirnáisiúnta an Mhéadair in 1875.

Lean an Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil le ról ríthábhachtach a bheith aici in éascú na trádála trína chinntiú gur féidir le tomhaltóirí agus gnólachtaí muinín a bheith acu sna tomhais a úsáidtear sa trádáil. Thug NSAI cuairt ar 4,260 áitreabh ar fud na tíre anuraidh agus rinne sé 15,660 cigireacht uirlisí, agus tuairiscíodh leibhéil arda maidir le comhlíonadh. Tá úsáid cigireachtaí bunaithe ar riosca agus feachtais spriocdhírithe lárnach maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thomhais trádála. Le linn 2018, rinne an Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil 6 fheachtas spriocdhírithe i réimsí amhail uirlisí meá neamh-uathoibríocha, iascach agus méadair tacsaithe.

Níl bheidh mórán tairbhe le caighdeáin mura ndéanann gnólachtaí iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme ina bpróisis agus ina dtáirgí. Tá feidhm deimhniúcháin NSAI lárnach maidir le sraith chuimsitheach scéimeanna deimhniúcháin a chur ar fáil do chuideachtaí lena dtugtar fíorú neamhspleách um chomhlíonadh maidir le réimse caighdeán bainistíochta agus táirgí.

In 2018, chinntigh NSAI gur éirigh le gach cliant an spriocdháta a bhaint amach maidir leis an aistriú go dtí an leagan is nuaí de na príomhchaighdeáin bainistíochta, agus ag an am céanna chuir sé an caighdeán idirnáisiúnta úr um Chórais Bainistíochta na Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde I.S ISO 45001 chun feidhme.

Lean ár Rannán Feistí Leighis le NSAI a shuí mar phríomhchomhlacht deimhniúcháin aitheanta agus foireann agus próisis á gcur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais maidir le deimhniúchán an Chláir Iniúchóireachta Aonair Feistí Leighis (MDSAP)

“Lean ár Rannán Feistí Leighis le NSAI a shuí mar phríomhchomhlacht deimhniúcháin aitheanta agus foireann agus próisis á gcur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais maidir le deimhniúchán an Chláir Iniúchóireachta Aonair Feistí Leighis (MDSAP) agus Rialacháin AE.”

agus Rialacháin AE. Mar thoradh air sin, rinneadh rannán Feistí Leighis NSAI a dhearbhú go hoifigiúil mar MDSAP Eagraíochta Iniúchóireachta in 2018. Leis an stádas sin, mar cheann de cheithre eagraíocht déag go díreach atá aitheanta ar fud an domhain, is féidir le NSAI scéimeanna deimhniúcháin a chur ar fáil do chuideachtaí dúchasacha Éireannacha agus do chuideachtaí ilnáisiúnta, rud a thugann rochtain dóibh ar mhargaí Eorpacha agus ar mhargaí domhanda.

Léiríodh le gníomhaíocht laistigh de rannán na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha an fás láidir atá tagtha ar earnáil tógála na hÉireann agus méadú suntasach ar dheimhniúchán agus cuideachtaí ag féachaint le taispeáint go gcomhlíonann a dtáirgí agus a gcóras ceanglais na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta (CPR). Lena chois sin, leanadh leis an bhfócas ar éifeachtúlacht fuinnimh trí na Scéimeanna um Insliú baile, agus ar an leibhéal corparáideach leanann líon na ngnólachtaí atá deimhnithe chuig an gcaighdeán Bainistíocht Fuinnimh ISO 50001 ag fás agus cuideachtaí ag féachaint le coigiltis a dhéanamh chomh maith le dul i ngleic leis an athrú aeráide.


Chonaic an Rannán Tacaíochta Margaidh agus Rialála méadú suntasach i gceaduithe Mótarfheithiclí le linn na bliana, le méadú 33 faoin gcéad ar iarratais AE/UNCE, ag fágáil gurbh ionann an figiúr iomlán anuraidh agus 3,654. Rinne an rannán athbhreithniú ar phróisis agus ar nósanna imeachta ag baint leas as cur chuige LEAN, a raibh de thoradh air gur forbraíodh iarratais TFC, lenar feabhsaíodh agaí tionscanta faoi 50% le haghaidh iarratas ar Cheadú Feithicle Aonair (IVA).

Tugadh tacaíocht i gcomhair bhonn cliant idirnáisiúnta NSAI go príomha trínár bhfochuideachta NSAI Inc. a sholáthraíonn táscaire luath chomh maith maidir le treochtaí amach anseo le haghaidh scéimeanna idirnáisiúnta deimhniúcháin amhail caighdeán R2 i gcomhair athchúrsáil leictreonach inbhuanaithe. Mar fhreagairt ar riachtanais cliant ghnóthaigh NSAI Inc. creidiúnú ANAB go dtí ISO 45001, an caighdeán um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta.

I ré na cumarsáide digití tá fás seasmhach tagtha ar lorg NSAI sna meáin shóisialta le dhá bhliain anuas agus in 2018 tuairiscíodh méadú 38% ar fhigiúirí 2017. Tá os cionn 3,000 leantóir Twitter ag NSAI anois agus is é ceann de na cuntais Twitter is mó fás laistigh de chomhlachtaí Eorpacha caighdeán.

Léiríonn an méid a baineadh amach do 2018 stádas NSAI go dearfach mar an gComhlacht Náisiúnta Caighdeán agus mar chlabhsúr, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann a bhain ár gcuspóirí amach agus ní bhainfí ceann ar bith díobh amach gan a n-obair chrua agus a ndúthracht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus lenár gcomhpháirtithe tionscail as a dtacaíocht le bliain anuas, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Bord agus lucht bainistíochta NSAI as a dtiomantas agus as a dtacaíocht le linn 2018.



**GERALDINE LARKIN**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# CAIGHDEÁIN

**Sainítear Caighdeán le Rialachán Eorpach (AE) Uimh. 1025/2012 mar;**

## Ciallaíonn 'caighdeán' sonraíocht theicniúil, arna glacadh ag comhlacht aitheanta um chaighdeánú, lena cur i bhfeidhm arís agus arís eile nó go leanúnach, agus níl comhlíonadh maidir léi éigeantach.

**Tá ról ríthábhachtach ag caighdeáin theicniúla maidir le caidreamh eacnamaíoch a dhearadh, cibé acu an leagtar síos ceanglais cháilíochta agus sábháilteachta iontu nó an gcinntítear comhoiriúnacht leo.**

Tá córais ghnó agus dlí ag brath níos mó agus níos mó ar chaighdeáin mar thaca le ceanglais theicniúla agus chun cuidiú le ceanglais bhonnlíne cúraim agus scile a shainiú. Faoi chuimsiú an "Chur Chuige Úir" chomh maith le beartais eile tosaíodh le tagairt a dhéanamh i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (AE) do chaighdeáin theicniúla arna bhforbairt ag comhlachtaí Eorpacha caighdeán seachas na sonraíochtaí teicniúla a leagan síos inti féin. Mar thoradh air sin méadaíodh an tábhacht a bhaineann le caighdeáin ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE).

Le cur i bhfeidhm Caighdeán cruthaítear bonn le haghaidh muiníne i bhfeidhmíocht agus i gcáilíocht earraí agus seirbhísí, agus i bpróisis soláthair agus do chustaiméirí, is ionann táirge nó seirbhís a dheimhnítear go neamhspleách chuig caighdeán agus fíorú gur cuireadh na caighdeáin i bhfeidhm mar is ceart.

Ina cháil mar an gcomhlacht náisiúnta caighdeán oibríonn NSAI le geallsealbhóirí an tionscail trí chaighdeáin a fhorbairt agus trí rannpháirtíocht i gCoistí Comhairleacha NSAI is féidir le gnólachtaí Éireannacha cur le todhchaí na gcaighdeán is infheidhme ina n-earnáil agus í a mhúnlú. Cuidíonn rannpháirtíocht luath agus ghníomhach i bhforbairt caighdeán le gnólachtaí an riosca a bhaint dá ngníomhaíochtaí RDI agus iad a luathú, lena n-éascófar glacadh mórmhargaíochta táirgí ar fud margaí idirnáisiúnta iomaíocha. Dá réir sin, cuirtear béim i mbeartas AE agus i mbeartas náisiúnta ar na tábhacht a bhaineann le caighdeáin mar fhoinse buntáiste iomaíoch do chuideachtaí de gach cineál agus de gach méid, go háirithe FBManna.

**236**
COISTE CAIGHDEÁN

**1,615**
COMHALTA COISTE

**1,318**
CAIGHDEÁN FOILSITHE

**135,537**
CAIGHDEÁN AR BREATHNAÍODH ORTHU AGUS/NÓ A ÍOSLÓDÁLADH

**2,922**
RANNPHÁIRTÍOCHT TRÍ 'YOUR STANDARDS YOUR SAY'

# CAIGHDEÁIN
# I bhFÓCAS 2018

## Athbhreithniú Struchtúrach ar Chaighdeáin

Le linn 2018, thacaigh Caighdeáin NSAI le os cionn 236 Coiste Caighdeán ina raibh ballraíocht chláraithe de os cionn 1,600 comhalta lasmuigh de NSAI. Bhí cineálacha éagsúla earnálacha i gceist ó Intleacht Shaorga (AI), Tógáil agus Innealtóireacht Shibhialta, go Bréagáin Páistí, Sláinte agus Eolaíochtaí na Beatha. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar struchtúr um chaighdeánú NSAI in 2018, ina moladh go ndéanfaí an ghníomhaíocht um chaighdeánú a chur i ndeich gcatagóir tionscail.

### Áirítear orthu sin;

1. TFC
2. Bia agus Talmhaíocht
3. Timpeallacht Fuinnimh
4. Cúram Sláinte agus Eolaíochtaí na Beatha
5. Tógáil agus Innealtóireacht Shibhialta
6. Leictreach/Leictreonach
7. Caighdeáin Ghinearálta
8. Déantúsaíocht agus Innealra
9. Táirgí/Seirbhísí Tomhaltóirí
10. Sláinte agus Sábháilteacht

## Caighdeáin i gComhthéacs

Foilsíodh 1,318 caighdeán ar an iomlán in 2018 ar fud punann leathan réimsí teicniúla. Tá fairsinge an chaighdeánaithe idirnáisiúnta le feiceáil i bpróifíl earnála chlár um chaighdeánú NSAI.

## Na 5 Chaighdeán is Airde 2018

1. **I.S. ISO 45001:2018**
   Córais bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde – Ceanglais le treoir maidir le húsáid
2. **I.S. EN ISO 19011:2018**
   Treoirlínte maidir le córais bainistíochta iniúchóireachta (ISO 19011:2018)
3. **I.S. EN ISO 50001:2018**
   Córais bainistíochta fuinnimh – Ceanglais le treoir maidir le húsáid (ISO 50001:2018)
4. **I.S. EN ISO 11737-1:2018**
   Steiriliú táirgí cúraim sláinte – Modhanna micribhitheolaíochta - Cuid 1: Cinneadh maidir le daonra miocrorgánach ar tháirgí (ISO 11737-1:2018)
5. **ISO 31000:2018**
   Bainistíocht riosca – Treoirlínte

**Feabhas i nGníomhaíocht:**

**Le linn 2018, thacaigh Caighdeáin NSAI le os cionn 236 Coiste Caighdeán ina raibh ballraíocht chláraithe de os cionn 1,600 comhalta lasmuigh de NSAI.**




**Próifíl Coistí 2018**
Ceapann NSAI caighdeáin trí chomhairliúchán le páirtithe éagsúla tomhaltóirí, comhshaoil, tionscail agus rialtais ar suim leo é. Faoi láthair tá os cionn 236 Coiste Caighdeán i bhfeidhm. Áirítear ar na tairbhí a bhaineann le bheith páirteach i gcoistí:

- Tionchar a bheith agat ar fhorbairt caighdeán i d'earnáil
- Tuiscint luath a fháil ar athruithe ar chaighdeáin a atá ag teacht aníos
- Coinneáil suas leis an nuálaíocht theicniúil is déanaí agus treochtaí an mhargaidh i d'earnáil
- Tionchar a bheith agat ar úsáid caighdeán mar mhalairt ar rialachán agus reachtaíocht
- Léargas mionsonraithe a fháil ar an bpróiseas forbartha caighdeán
- Creidiúnacht bhreise a fháil i measc geallsealbhóirí agus custaiméirí ó bheith páirteach sa phróiseas forbartha caighdeán
- Gníomhaíocht FCS (Freagracht Shóisialta Chorparáideach) d'eagraíochta a threisiú

De réir mar a éiríonn an trádáil níos domhanda níl a oiread tionchair ag caighdeáin náisiúnta ar an trádáil agus an bhéim ag aistriú go caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus dá réir sin tá an ceanglas maidir le caighdeáin náisiúnta shonracha an-teoranta agus 5 cinn curtha i gcrích le linn na bliana. I measc foilseacháin shuntasacha Éireannacha le linn 2018, bhí;

**Prótacal piríte agus míoca I.S. 465 - Measúnú,** tástáil agus catagóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh inar corpraíodh bloic choincréite ina raibh ábhair dhochracha áirithe, a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar thithe a meastar go bhfuil pirít nó míoca iontu. Déanfaidh innealtóirí, geolaithe agus saotharlanna tagairt de chun measúnú, tástáil agus catagóiriú a dhéanamh ar an damáiste i réadmhaoine a ndearnadh damáiste díobh le bloic choincréite lochtacha, mar gheall ar mhíoca moscóíte agus pírit iomarcach. Tabharfar treoir ann chomh maith maidir le hoibreacha leighis, ar cad iad, más ann dóibh, na hoibreacha leighis a d'fhéadfaí a dhéanamh. Chuir an Grúpa Gníomhaíochta Míoca fáilte go poiblí roimh chaighdeán NSAI mar chéim dhearfach.



## Próifíl Coistí 2018

- Tógáil & Innealtóireacht Shibhialta – 70 (30%)
- Déantúsaíocht agus Innealra – 11 (5%)
- TFC – 17 (7%)
- Cúram Sláinte agus Eolaíochtaí na Beatha – 26 (11%)
- Sláinte & Sábháilteacht – 4 (2%)
- Caighdeáin Ghinearálta (Tomhas Cáilíochta,...) – 8 (3%)
- Bia agus Talmhaíocht/Dobharshaothrú – 11 (5%)
- Fuinneamh, Comhshaol & Fóntais – 29 (12%)
- Leictreach/Leictreonach – 21 (9%)
- Táirgí/Seirbhísí Tomhaltóirí – 39 (16%)

**Osclaíodh dréacht-treoirlínte maidir leis na Rialacha úra Náisiúnta maidir le Sreangú -** le haghaidh comhairliúcháin ó mhí na Nollag 2018 go mí an Mhárta 2019. Mar an gcéad mhór-athchóiriú ar an gcaighdeán sin le níos mó ná deich mbliana, chruthaigh an foilseachán suim mhór trí thairseach tráchtanna 'Your Standards Your Say' agus athruithe tábhachtacha á mbreithniú i réimsí amhail suiteáil leictreach, sábháilteacht agus éifeachtúlacht fuinnimh. Leis na dréacht-athbhreithnithe cuirfear feabhas ar chosaintí agus cuirfear na caighdeáin tionscail ar aon dul le forbairtí teicniúla agus an dea-chleachtas san Eoraip.

Díoladh thart ar 1,200 caighdeán agus íoslódáladh 140,000 caighdeán le linn na bliana.

Ba é ISO 45001:2018, córais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta an caighdeán bha mhó tóir. I measc na gcaighdeán eile a bhí ábhartha do ghnó bhí, ISO 19011:2018 - Treoirlínte maidir le córais bainistíochta iniúchóireachta, ISO 50001:2018 - Córais bainistíochta fuinnimh, agus ISO 11737:2018 - Steiriliú táirgí cúraim sláinte.

Tá líon daoine atá ag fás bainteach lenár gcaighdeáin tríd an tairseach 'Your Standards Your Say' agus bhí thart ar 3,000 duine páirteach le linn na bliana i ndréachtfhoilseacháin amhail Rialacha maidir le Sreangú, Cumarsáid Custaiméirí le haghaidh Fóntas agus córais Bhraite Dóiteáin agus aláraim d'fhoirgnimh.

## Gairmithe Óga IEC

Is é an IEC (Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil) an phríomheagraíocht dhomhanda le haghaidh ullmhú agus fhoilsiú na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis na teicneolaíochtaí leictreacha, leictreonacha agus gaolmhara ar fad.

Chuir NSAI dhá ghairmí óga chuig Busan sa Chóiré Thuaidh anuraidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Ceardlann Gairmithe Óga an Choimisiúin Idirnáisiúnta Leictriteicniúil idir 22-24 Deireadh Fómhair 2018. Tugtar deiseanna leis an gceardlann do ghairmithe óga chun páirt a ghlacadh i dtodhchaí an chaighdeánaithe idirnáisiúnta agus an mheasúnaithe comhréireachta sa réimse leictriteicneolaíochta.

**Feabhas i nGníomhaíocht:**

### Eisíodh dréacht-treoirlínte maidir leis na Rialacha Náisiúnta maidir le Sreangú

I mí na Nollag, osclaíodh dréacht-treoirlínte maidir leis na Rialacha úra Náisiúnta maidir le Sreangú le haghaidh comhairliúcháin. Is é an chéad mhór-athchóiriú ar an gcaighdeán le deich mbliana anuas.



# MÉADREOLAÍOCHT

Tá an próiseas tomhais an-tábhachtach i mbeagnach gach réimse de ghníomhaíocht an duine, agus le bheith fónta, ní foláir nó go mbeidh tomhais tacaithe ag méadreolaíocht, eolaíocht an tomhais.

Cinntíonn NSAI go ndéantar gnéithe an chórais náisiúnta tomhais a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú leis an trádáil agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le tomhas trí iontaofacht na dtomhas a mhéadú. Áirítear leis na gnéithe sin feidhmiú:

# AN tSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MHÉADREOLAÍOCHTA

**Is í an tSaotharlann Náisiúnta Mhéadreolaíochta (SNM) institiúid mhéadreolaíochta na hÉireann agus tá sí freagrach as na caighdeáin náisiúnta tomhais le haghaidh cainníochtaí fisiceacha a bhunú, a choimeád, a fhorbairt agus a scaipeadh. Cuireann eolaíocht an tomhais taca faoi gach sochaí forbartha. Le tráchtáil, eolaíocht, rialtas, oideachas agus dlí teastaíonn caighdeáin tomhais chruinne, iontaofa agus chomhsheasmhacha arna léiriú le Córais Idirnáisiúnta na nAonad (SI), arb é an córas tomhais atá aitheanta ar fud an domhain.**

Tá na caighdeáin tomhais a choimeádann SNM ar na léirithe is cruinne de na haonaid SI atá ar fáil in Éirinn agus soláthraíonn siad an tairseach lenar féidir torthaí tomhais a rianú chuig Córas Idirnáisiúnta na nAonad (SI) le haghaidh caighdeáin tomhais maidir le cainníochtaí fisiceacha maise, faid, teochta, bogthaise, brú, voltais, frithsheasmhachta, toillis, brú, fórsa, toirc, minicíochta, eatramh ama agus leibhéal fuaime.

Soláthraíonn SNM oiliúint agus seirbhísí calabraithe chomh maith.

**4,627**
CALABRÚ UIRLISÍ

**2**
CAIGHDEÁN TOMHAIS Á bhFORBAIRT

**515**
LÁ TAIGHDE CURTHA I gCRÍCH

**24**
CÚRSA TIONÓLTA

**8**
TIONSCADAL TAIGHDE

# AN tSAOTHARLANN NÁISIÚNTA MHÉADREOLAÍOCHTA I bhFÓCAS 2018

## Athshainiú ar Córas Idirnáisiúnta na nAonad (SI)

Rinneadh gaisce mór Dé hAoine an 16 Samhain nuair a vótáil príomhphearsana sa mhéadreolaíocht ó 60 náisiún i bhfabhar athrú a dhéanamh ar cheann de na críoláir eolaíochta, an cileagram. Cuireadh 'cileagram leictreonach' in aonad an chileagraim mhiotail fhisicigh agus beidh sé ina thomhas bonnlíne úr maise. Mar cheann de na comhaltaí de Choinbhinsiún an Mhéadair vótáil NSAI i bhfabhar athshainiú úr SI.

## Tionscadail EMPIR

Déanann an Clár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR) tionscadail taighde chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhéadreolaíochta maidir leis an tsláinte, fuinneamh, comhshaol agus tionscal a chomhordú. Mar chomhpháirtí gníomhach in EMPIR, ghlac SNM páirt in ocht dtionscadal taighde Eorpacha agus bhí sí ina chomh-údar ar dhá pháipéar eolaíocha maidir le teirmiméadracht radaíochta agus tomhas bogthaise ag comhdháil dhomhanda IMEKO 2018 maidir leis an méadreolaíocht a tionóladh i mBéal Feirste. Tá ceann de na tionscadail taighde EMPIR sin á chomhordú ag SNM chomh maith.

Le linn 2018 rinneadh taighde suntasach sa réimse maidir le tomhas bogthaise agus forbairt gineadóra drúchtphointe.

## SNM i gComhthéacs

Déantar seirbhísí calabraithe náisiúnta SNM a uasghrádú agus a shíneadh go rialta ar aon dul le dul chun cinn sa teicneolaíocht tomhais. I measc na ngníomhaíochtaí le linn 2018 bhí na caighdeáin acmhainne agus tomhais sna réimsí seo a leanas a fhorbairt agus a fheabhsú;

- Teocht - i gcás gurb é an cuspóir an cumas caighdeáin tomhais a leathnú chuig an raon teochta íseal de-190oC, rud atá ag éirí ina phointe níos tábhachtaí le haghaidh taighde leighis agus cógaisíochta.
- Voltas DC - ag teacht leis na ceanglais mhéadaithe maidir le tomhais chruinne Voltais DC ó chuid de na príomhchuideachtaí TFC in Éirinn.

Le linn na bliana rinneadh níos mó ná 4,600 uirlis a chalabrú, agus i measc na ngnáthuirlisí bhí teirmiméadair, méadair toirc, ilmhéadair dhigiteacha, tomhsairí pionna agus fáinne, tomhsairí fórsa agus cealla luchtaithe agus caighdeáin mhaise.

Thionól SNM 24 cúrsa oiliúna ag a lárionad i gGlas Naíon in 2018. Áiríodh leo sin bunchúrsaí i dTomhas agus Calabrú, Neamhchinnteacht sa Chalabrú, Mapáil Teochta Imfháluithe, Calabrú Meáchan agus Cothromaíochta agus cúrsaí i gcalabrú praiticiúil sa mhéadreolaíocht thoiseach agus leictreach. Lena chois sin, d'óstáil SNM roinnt cuairteanna teicniúla ón Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath agus IT Thamhlachta agus d'óstáil sí roinnt socrúcháin mac léinn MSC agus INTRA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sholáthair SNM dhá shocrúchán seachtaine chomh maith do 12 mhac léinn ón Idirbhliain ó mheánscoileanna áitiúla.



**Feabhas i nGníomhaíocht:**

## Athshainiú SI

Rinneadh príomhphearsana sa mhéadreolaíocht ó 60 náisiún gaisce i mí na Samhna 2018 nuair a vótáil siad i bhfabhar athrú a dhéanamh ar cheann de na críoláir eolaíochta, an cileagram. Leis an athshainiú ar Chóras Idirnáisiúnta na nAonad (SI) cuirtear an 'cileagram leictreonach' úr in ionad an tseanchórais de thomhas ciliméadair.

# MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

**Seasann Méadreolaíocht Dhlíthiúil (MD) NSAI le cruinneas agus trédhearcacht i dtomhais trádála agus forfheidhmíonn sí é trí na huirlisí tomhais a úsáideann trádálaithe a iniúchadh agus a fhíorú agus trí earraí réamhphacáistithe a iniúchadh chun an chainníocht cheart a chinntiú. Is é príomhoibleagáid na Méadreolaíochta Dlíthiúla na hAchtanna Méadreolaíochta 1980 go 1998 a chur chun feidhme a bhaineann le huirlisí tomhais agus tomhais chun críocha trádála laistigh den Stát.**

Chun dearbhú dá leithéid a chur ar fáil maidir le comhlíonadh tomhais, glacann an tseirbhís samhail cur chuige cigireachta bunaithe ar riosca ina gcumhdaítear 40,000 trádálaí agus 75,000 uirlis tomhais ar fud na tíre. Tugann cigirí na Méadreolaíochta Dlíthiúla cuairt ar na mílte trádálaí gach bliain, agus déanann siad cigireacht ar na huirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil agus tá an chumhacht acu chun iad siúd nach gcomhlíonann an reachtaíocht a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Úsáideann MD 30 fíoraitheoir údaraithe chun seirbhís fíorúcháin ar fud na tíre a chur ar fáil lena chinntiú go gcloíonn na huirlisí leis an reachtaíocht ábhartha. Leis an tseirbhís sin chinntítear leibhéil chomhsheasmhacha cruinnis na n-uirlisí tomhais a úsáidtear sa trádáil.

**4,260**
CUAIRT TUGTHA AR ÁITRIBH

**15,660**
INIÚCHADH DÉANTA AR UIRLISÍ

**6**
FHEACHTAS SPRIOCDHÍRITHE

**52,014**
FÍORÚ UIRLIS DÉANTA AG CUIDEACHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA

**Feabhas i nGníomhaíocht:**

## 15,000 cigireacht ar uirlisí déanta in 2018

Bunaithe ar phróiseas cigireachta bunaithe ar riosca, rinne an Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil os cionn 15,000 cigireacht ar uirlisí in 2018, agus thug siad cuairt ar níos mó ná 4,000 áitreabh. Le haghaidh 2018, b’ionann an meánráta um chomhlíonadh ar fud na réimsí agus 88%.



# MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL I bhFÓCAS 2018

## Comhlíonadh

Trí chigireacht bunaithe ar riosca, rinne an Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil os cionn 15,000 cigireacht ar uirlisí in 2018, agus thug siad cuairt ar níos mó ná 4,000 áitreabh. Tá tionchar an chórais chigireachta agus fíorúcháin le feiceáil sna rátaí um chomhlíonadh a baineadh amach i ndiaidh na chéad chigireachta, agus b'ionann an meánráta um chomhlíonadh anuraidh agus 88%. Fuarthas i ngleic go hiomlán le gach cás neamhchomhlíonta a d'aimsigh an Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil anuraidh.

## Cigireachtaí

| Príomhchineál Uirlise | Líon na gCigireachtaí |
|---|---|
| Dáileoirí Breosla Leachtaigh | 6,939 |
| Méadair tacsaithe | 2,909 |
| Meá Miondíola | 4,134 |
| Droichead meáchain -ainmhithe (e.g. i Marglanna) | 77 |
| Droichead meáchain – feithicil | 315 |
| Méadar Bainne | 42 |
| Meá Dramhaíola | 80 |
| Méadair ola feistithe ar thrucailí (e.g. ola téimh tí a sheachadadh) | 110 |

## Comhchigireachtaí

Chomh maith lenár gcigireachtaí féin a dhéanamh rinne an Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil roinnt comhchigireachtaí chomh maith leis an nGníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara ag ionaid phróiseála iasc agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus tacsaithe á n-iniúchadh.

In 2018, d'fhaomh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an méadú beartaithe 3.22% ar an meán ar an uastáille tacsaí. Dá réir sin, rinneadh 17,790 méadair tacsaí a chalabrú agus a fhíorú leis an táille úr, lena chinntiú go leanfadh oibreoirí tacsaí i mbun gnó.

## Méadreolaíocht Dhlíthiúil i gComhthéacs

### Feachtas Spriocdhírithe

I ngeall ar mhéid na dtrádálaithe agus na n-uirlisí sa trádáil tá úsáid cigireachtaí bunaithe ar riosca agus feachtais spriocdhírithe lárnach maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thomhais trádála. Le linn 2018, stiúir MD 6 fheachtas spriocdhírithe maidir le;

- Uirlisí Meá Neamh-uathoibríoch (NAWI) – Pointe Díolacháin
- Méadair Tacsaí (x 2)
- Iascach
- Uirlisí Meá Neamh-uathoibríoch (NAWI) – Meá Leighis
- Gléasraí Feola

Tugann an Méadreolaíocht Dhlíthiúil aird faoi leith ar fhaisnéis a fhaightear maidir le hamhras faoi thomhais, agus déanfaidh sé, nuair is cuí, imscrúdú ar sháruithe líomhnaithe ar na hAchtanna mar chuid dár ról forfheidhmiúcháin.

A luaithe a úsáidtear uirlis chun críocha trádála beidh an t-úinéir freagrach as a chinntiú go mbeidh sé comhlíontach i gcónaí. Cuireann MD comhlíonadh deonach ag trádálaithe chun cinn trí fheachtais faisnéise agus ardú feasachta. I gcás nach n-éiríonn leis an gcur chuige sin, tionscnófar beart eile. I gcás go bhfaightear go bhfuil uirlis neamhchomhlíonta i ndiaidh cigireachta féadfaidh cigire rabhadh a eisiúint, an uirlis a bhaint as úsáid trádála nó ionchúiseamh a mholadh.

# DEIMHNIÚCHÁN

Measúnú Comhréireachta:

## Is ionann Measúnú Comhréireachta agus dearbhú i scríbhinn (deimhniú) a sholáthraíonn comhlacht neamhspleách go gcomhlíonann an táirge, seirbhís nó córas lena mbaineann na ceanglais shonracha agus gurb é uirlis úsáideach í do ghnólacht chun creidiúnacht a chur leis, trína thaispeáint go gcomhlíonann táirgí nó seirbhísí ceanglais caighdeáin faoi leith nó ionchais custaiméirí.

**Le haghaidh roinnt tionscal, is ionann deimhniúchán agus ceanglas dlíthiúil nó conarthach. Laistigh den tionscal deimhniúcháin is ionann "Creidiúnú" agus aitheantas foirmiúil ag comhlacht neamhspleách, ar a dtugtar comhlacht um chreidiúnú go minic, go bhfuil comhlacht deimhniúcháin ag feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. Tá NSAI creidiúnaithe as raon éagsúil scéimeanna deimhniúcháin chun tacú le riachtanais gnólachtaí Éireannacha.**

Le Deimhniúchán NSAI déantar deimhniúchán creidiúnaithe táirgí, seirbhísí agus eagraíochtaí maidir le comhlíonadh caighdeán aitheanta, ó chórais bainistíochta gnó go ceaduithe táirgí a chruthú, a choimeád agus a chur chun cinn.

Deimhníonn NSAI gnólachtaí ar fud earnálacha éagsúla lena n-áirítear iompar, tógáil, cógaisíocht, airgeadas, seirbhísí bia agus a lán earnálacha eile. Áirítear ar ár mbonn cliant gnóthais idirnáisiúnta ghormshlise, príomhchuideachtaí cógaisíochta, gnólachtaí tógála, FBManna agus fiontair theaghlaigh.

Déantar seirbhísí deimhniúcháin a chatagóiriú i gceithre phríomhaonad gnó - Feabhas Gnó, Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha, Feistí Leighis agus Tacaíocht Margaidh agus Rialála, agus tá os cionn 1,500 cuideachta deimhnithe chuig raon caighdeán córas bainistíochta agus eisíodh os cionn 12,000 ceadú táirge in 2018.

Feabhas i nGníomhaíocht:

### Ascnamh go Caighdeáin Úra

In 2018, rinneadh an caighdeán cáilíochta ISO 9000 agus an caighdeán comhshaoil ISO 14001 a nuashonrú. Leis an gcaighdeán socraíodh idirthréimhse a chríochnaigh i Meán Fómhair, lena raibh ceangal ar gach eagraíocht deimhnithe aistriú go dtí an caighdeán úr. Agus muid ag obair lenár mbonn cliant, chinntigh NSAI gur éirigh leis na cliant-eagraíochtaí ar fad an t-athrú a dhéanamh faoin spriocdháta, an 15 Meán Fómhair.



# DEIMHNIÚCHÁN
# I bhFÓCAS

> "In 2018, creidiúnaíodh NSAI chun an caighdeán a aithnítear ar bhonn domhanda maidir le slándáil faisnéise, ISO 27001 a thairiscint, caighdeán atá níos tábhachtaí anois fiú ó tháinig RGCS i bhfeidhm."

## Feabhas Gnó

Díríonn rannán Fheabhas Gnó NSAI go príomha ar chaighdeáin córas bainistíochta, lena sainítear an dóigh a mbainistíonn eagraíocht gach cuid dá próisis ghnó chun a spriocanna agus a cuspóirí a bhaint amach. Mar chomhlacht creidiúnaithe deimhniúcháin, soláthraíonn NSAI deimhniúchán neamhspleách d'eagraíochtaí lena gcuirtear ar a gcumas comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta a thaispeáint, lenar féidir leo a ngnólachtaí a fheidhmiú chuig na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

In 2018, creidiúnaíodh NSAI chun an caighdeán a aithnítear ar bhonn domhanda maidir le slándáil faisnéise, ISO 27001 a thairiscint, caighdeán atá níos tábhachtaí anois fiú ó tháinig RGCS i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018. Leis an gcaighdeán cuirtear creat ar fáil d'eagraíocht chun bainistiú a dhéanamh ar a bhfaisnéis ar líne agus as líne araon agus cosán go dtí comhlíonadh i gcomhthéacs measúnú riosca, fógra um shárú agus bainistíocht sócmhainní.

I mí an Mhárta 2018, sheol NSAI I.S. ISO 45001 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde. Leis an gcaighdeán tugtar creat d'eagraíochtaí chun sábháilteacht a mhéadú, rioscaí sa láthair oibre a laghdú agus feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an bhfolláine ag an obair. Bhí os cionn caoga cuideachta Éireannach i measc na chéad eagraíochtaí ar domhan le deimhniúchán a bhaint amach chuig an gcaighdeán domhanda sláinte agus sábháilteachta, lena leagtar amach an t-íoschaighdeán cleachtais chun fostaithe a chosaint ar fud an domhain.

I ndiaidh athbhreithnithe ar an gcaighdeán Cáilíochta I.S ISO 9001 agus ar an gcaighdeán Comhshaoil ISO 14001 cuireadh idirthréimhse ar fáil dóibh siúd a bhí deimhnithe chuig na caighdeáin sin chun na hathruithe a chur i bhfeidhm ar a gcórais bainistíochta. Faoin spriocdháta idirthréimhseach an 15 Meán Fómhair d'éirigh le gach cliantchuideachta NSAI an t-athrú a dhéanamh.

**850**
INIÚCHADH CURTHA I gCRÍCH

**1,132**
EAGRAÍOCHT AG A BHFUIL DEIMHNIÚCHÁN CÓRAS BAINISTÍOCHTA IN 2018

**103**
DEIMHNIÚCHÁN ÚR CÓRAS BAINISTÍOCHTA EISITHE

**18**
IMEACHT DEA-CHLEACHTAIS



Feabhas i nGníomhaíocht:

## ISO 45001, Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

I mí an Mhárta, sheol NSAI ISO 45001 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde. Tugtar creat leis d'eagraíochtaí chun sábháilteacht a mhéadú, rioscaí sa láthair oibre a laghdú agus feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an bhfolláine ag an obair. Bhí os cionn caoga cuideachta Éireannach i measc na chéad eagraíochtaí ar domhan le deimhniúchán a bhaint amach chuig an gcaighdeán domhanda sláinte agus sábháilteachta.

## Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

Tháinig tuilleadh méadaithe ar ghníomhaíocht na hearnála tógála in 2018. Shroich aschur an tionscail €21 billiún in 2018, agus táthar ag súil go méadóidh an figiúr sin arís in 2019. Meastar le Tionscadal Éire 2040 go mbeidh 550,000 teach de dhíth thar an 20 bliain amach romhainn, agus tugann an Plean Forbartha Náisiúnta €11.6 billiún chun 112,000 teach sóisialta úr a sholáthar faoi 2027.

Laistigh den timpeallacht sin leanann líon iniúchtaí Mharc CE táirgí tógála ag méadú de réir mar atáthar ag brath níos mó ar dheimhniúchán lena léiriú go gcomhlíonann táirgí agus córais tógála ceanglais na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta.

De bharr an fháis laistigh den earnáil tógála tá éileamh atá ag méadú ar sheirbhísí deimhniúcháin a bhaineann le tógáil ón Rannán na hInbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Thógtha.

Ag amharc ar an am atá le teacht, lean NSAI ag obair leis an Roinn Tithíochta sna réimsí maidir le cosaint radóin, foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB), aerú agus forbairt Chuid L de na rialacháin foirgníochta.

**244**

CUIDEACHTA DEIMHNITHE LE hAGHAIDH SCÉIMEANNA INSLITHE TÓGÁLA

**1,001**

Ceaduithe táirgí tógála
(BORD AGRÉMENT NA hÉIREANN AGUS MARC CE)

**106**

CUIDEACHTA DEIMHNIÚ CHUIG I.S. EN 1090-1:2009+A1:2011 CEANGLAIS MAIDIR LE MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA AR CHOMHPHÁIRTEANNA STRUCHTÚRACHA

**51**

GNÓLACHT DEIMHNITHE DE RÉIR I.S. EN ISO 50001:2011- CÓRAIS BAINISTÍOCHTA FUINNIMH

## Feistí Leighis

Tá Éire dea-bhunaithe mar cheann de na príomh-mhoil dhomhanda do thionscal na bhfeistí leighis, agus Éire á roghnú ag a lán de na cuideachtaí MedTech is fearr aithne ar domhan mar a mbonn Eorpach. Is ionann an earnáil anois agus beagnach 10 faoin gcéad de na heaspórtálacha Éireannacha ar fad agus fostaíonn sí thart ar 38,000 duine a oibríonn i ngnólachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta. Is é sa chomhthéacs sin a lean NSAI lena chur chuige straitéiseach maidir le réimse iomlán seirbhísí a thairiscint a bhaineann le Caighdeáin Córas Bainistíochta agus Seirbhísí Deimhniúcháin Táirgí d'earnáil na bhfeistí leighis.

Ba bhliain an-suntasach í an bhliain 2018 sa chur chuige sin mar gur dearbhaíodh NSAI mar Eagraíocht Iniúchóireachta aitheanta don Chlár Iniúchóireachta Aonair Feistí Leighis (MDSAP), is féidir leis sin iniúchadh aonair a dhéanamh ar chóras bainistíochta cáilíochta déantóirí feistí leighis, rud a shásaíonn ceanglais il-dlínsí amhail, riarachán Earraí Teiripeacha na hAstráile, FDA i SAM; Health Canada, agus aireacht Sláinte na Seapáine. Tá NSAI ar cheann amháin go díreach de 14 eagraíocht ar fud ar domhain ag a bhfuil an stádas sin agus dearbhaíonn sé a sheasamh mar phríomhchomhlacht in earnáil na bhfeistí leighis agus cáilíochtaí na hÉireann mar ionad barr fheabhais do thionscal na bhfeistí leighis á bhfeabhsú.

Tá a iarratas ar ainmniúchán faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis agus faoin Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro á chur chun cinn ag NSAI leis an gCoimisiún Eorpach agus an Údarás Rialála Táirgí Sláinte le haghaidh 2019.

D'éirigh an tábhacht a bhaineann le cumas NSAI deimhniúchán feistí leighis a sholáthar níos suntasaí in 2018 agus Éire ag ullmhú don timpeallacht i ndiaidh Brexit. Sa chomhthéacs sin, le stádas NSAI mar chomhlacht a dtugtar fógra dó cinnteofar leanúnachas deimhniúcháin don earnáil, lena dtabharfar rochtain ar mhargaí Eorpacha agus ar mhargaí domhanda.

**241**
LÍON IOMLÁN NA dTÁIRGÍ FEISTÍ LEIGHIS A DEIMHNÍODH

**13**
LÁITHREÁN FEISTÍ LEIGHIS DEIMHNITHE

**5**
CÚRSA OILIÚNA SEACHADTA

**Feabhas i nGníomhaíocht:**

## Feistí Leighis

Dearbhaíodh NSAI mar Eagraíocht Iniúchóireachta aitheanta don Chlár Iniúchóireachta Aonair Feistí Leighis (MDSAP), scéim dhomhanda deimhniúcháin le haghaidh Feistí Leighis. Tá sé ar cheann amháin go díreach de 14 eagraíocht ag a bhfuil an stádas sin agus dearbhaíonn sé sheasamh na heagraíochta mar phríomhchomhlacht in earnáil na bhfeistí leighis.



## Tacaíocht Margaidh agus Rialála

Tá NSAI freagrach as réimse scéimeanna lena bhfeabhsaítear gnéithe sábháilteachta agus comhshaoil na bhfeithiclí ar an mbóthar in Éirinn agus san Eoraip le soláthar raon seirbhísí deimhniúcháin Mótarfheithiclí ina gcuimsítear Cineálcheadú Eorpach, Cineálcheadú Náisiúnta agus Ceadú Feithiclí Aonair le haghaidh feithiclí agus a gcomhpháirteanna.

Lena chois sin ceadaíonn NSAI ionaid tástála (ATCanna) agus ceardlanna údaraithe ar fud na tíre le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le Tacagraf, Plátáil agus Luasteorantóirí Bóithre.

Faoi na scéimeanna sin, glactar le ceadú ó NSAI mar Údarás na hÉireann um Chineálcheadú ar fud AE gan gá le tuilleadh tástálacha.

Le linn 2018, bhí méadú 33% ar iarratais AE/UNECE agus forbraíodh dhá uasghrádú córais próisis chun feabhas a chur ar na próisis ceaduithe mótarfheithiclí agus ar na seirbhísí do chliaint.

### Cineálcheadú Náisiúnta:

- Tugadh isteach córas úr iarratas ar líne do Chineálcheadú Feithiclí Aonair (IVA) le haghaidh iarratais ar fheithiclí catagóir N. Déantar na feithiclí sin a dhearadh agus a thógáil go príomha chun earraí a iompar. De dheasca sin cuireadh feabhas 47% ar na hagaí tionscanta maidir le hiarratais IVA in 2018.
- Cuireadh tús le hobair chun catagóir M (carranna paisinéirí, busanna agus cóistí) O (leantóirí a tharraingíonn carranna nó busanna) agus Oiriúnuithe Feithicle do Dhaoine faoi Mhíchumas Luaineachta a chur san áireamh roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2019.

### Cineálcheadú Eorpach:

- Rinneadh treoirthionscadal le beirt de sholáthraithe seirbhísí teicniúla ainmnithe NSAI chun feabhas a chur ar agaí tionscanta i ndáil le hiarratais ar cheadú astaíochtaí saothair éadroim 715/2007/CE. Cuireadh córas úr ar líne le haghaidh aisghabháil sonraí tástála chun feidhme, a raibh laghdú 50% mar agaí tionscanta mar thoradh air agus tá tuilleadh forbairtí faoi lánseol chun feabhas a chur ar an gcóras sin.

**9,339**
CEADÚ MÓTARFHEITHICLÍ EISITHE LE LINN 2018

**4,184**
CEADÚ FEITHICLÍ AONAIR DO THIOMÁNAITHE FAOI MHÍCHUMAS

**1,356**
CEADÚ FEITHICLÍ AONAIR DO CHATAGÓIRÍ EILE

**3,668**
CEADÚ AE/NA CÓRAS AGUS COMHPHÁIRTEANNA FEITHICLÍ

**131**
CINEÁLCHEADÚ NÁISIÚNTA SRAITHEANNA BEAGA

# NSAI Inc.

Soláthraíonn NSAI Inc. réimse leathan seirbhísí deimhniúcháin maidir le Córais Bainistíochta agus Feistí Leighis do bhonn cliant idirnáisiúnta den chuid is mó. Leis na gníomhaíochtaí sin cuirtear NSAI Inc. ag gcroílár na tacaíochta d'inniúlachtaí teicniúla foriomlána agus próifíl cliant idirnáisiúnta NSAI.

Le linn 2018, fuair NSAI Inc. creidiúnú ISO 45001:2018 ó Bhord Náisiúnta um Chreidiúnú ANSI (ANAB) lena gcuirtear ar chumas NSAI deimhniúcháin Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a sholáthar do bhonn custaiméirí idirnáisiúnta. Bhí NSAI Inc ar cheann de na chéad 10 gcomhlacht deimhniúcháin leis an aitheantas sin a bhaint amach.

Tá NSAI Inc. creidiúnaithe chuig an scéim deimhniúchán R2, ar clár domhanda é a thacaíonn le hathchúrsáil inbhuanaithe trealaimh leictreonaigh.

**114**
DEIMHNIÚCHÁN ÚR CÓRAS BAINISTÍOCHTA EISITHE

**86**
DEIMHNIÚCHÁN ÚR FEISTÍ LEIGHIS DEIMHNITHE

**391**
CLIANT CÓRAS BAINISTÍOCHTA AR SON OS CIONN 765 SAORÁID DEIMHNITHE

**234**
CLIANT FEISTÍ LEIGHIS AR SON OS CIONN 334 SAORÁID DEIMHNITHE

# BREXIT

## Cé go bhfuil neamhchinnteacht fós ann maidir le toradh chaibidlí Brexit ar an gcuma a bheidh ar an gcaidreamh trádála amach anseo idir AE agus an Ríocht Aontaithe ar deireadh, ní mór do ghnólachtaí Éireannacha bearta a dhéanamh go réamhghníomhach chun réidh a fháil do Brexit.

## Mar chuid de thionscnamh an Rialtais Éire a Ullmhú do Brexit, bunaíodh Aonad Brexit NSAI in 2018, le tacaíocht ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Rinne aonad Brexit athbhreithniú cuimsitheach ar shuíomh gréasáin Nando Choimisiúin AE lena fháil amach cá mhéad cuideachta Éireannach atá deimhnithe ag comhlacht RA a dtugtar fógra dó, agus an tionchar a bheidh aige sin orthu i ndiaidh Brexit. Ag teacht ón taighde, ceapadh príomhtheachtaireachtaí maidir le tionchair Brexit i ndáil le caighdeáin agus deimhniúchán, i réimsí amhail tógáil, feistí leighis agus soláthar glas. Ghlac NSAI páirt san fheachtas “Getting Ireland Brexit Ready” le linn 2018 agus cuireadh tús leis an gcéad seimineár i sraith sheimineáir shonrach NSAI ar Brexit i mí na Nollag inar taifeadadh ardleibhéil tinrimh. Tá tuilleadh seónna bóthair beartaithe do 2019.

# RIALACHAS & AIRGEADAS


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Boird | 34 |
| Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 35 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 42 |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta | 47 |
| An Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 48 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | 49 |
| Ráiteas Comhdhlúite maidir leis an Staid Airgeadais | 50 |
| Ráiteas na Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais | 51 |
| Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreafaí Airgid Thirim | 52 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 53 |

# COMHALTAÍ BOIRD 2018


James Kennedy
Cathaoirleach NSAI


Geraldine Larkin
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin NSAI


Roger Blackburn


Valerie Bowens


Nina Brennan


Aideen Goggin


Terry Landers


An Dr Aidan O'Boyle


Fergal O Byrne


Deirdre O Hara


Kieran Ryan


Barry Smith


Deirdre Smith


Kieran Cox
Éirithe as in Aibreán 2018


Kevin Earley
Éirithe as in Aibreán 2018

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Sainítear feidhmeanna reachtúla NSAI laistigh de na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996
- An tAcht Méadreolaíochta, 1996;
- An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980.

Soláthraíonn NSAI an bonneagar sin trí na príomhchláir um méadreolaíocht, um chaighdeánú, um méadreolaíocht dhlíthiúil le haghaidh na dtomhas agus na n-uirlisí meá a úsáidtear sa trádáil agus i measúnú comhréireachta.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Feidhmíonn NSAI faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a bhfuil an chumhacht aige chun: cistí a chur ar fáil do NSAI chun go mbeidh sé ábalta a oibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha beartas ginearálta a eisiúint; agus faisnéis a iarradh maidir le gníomhaíochtaí NSAI.

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar NSAI cloí le réimse ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach sin a chinntiú.

## Rialachas

Bunaíodh Bord Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faoi Acht NSAI 1996. Tá feidhmeanna NSAI leagtha amach i gCuid 2 alt 7 den Acht sin.

Tá an Bord cuntasach don Aire Stáit ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an fhreagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí agus atá freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an sainchúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomhcheisteanna gnó.

Is faoi fhreagracht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) agus na foirne bainistíochta sinsearaí atá bainistíocht, rialú agus treoir rialta laethúil NSAI. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir straitéiseach leathan arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na gcomhaltaí Boird ar fad ar na gníomhaíochtaí agus cinntí móra a bhaineann leis an eintiteas, agus maidir le rioscaí suntasacha ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir Bord agus lucht bainistíochta NSAI.

Feidhmíonn an tÚdarás i gcomhréir le treoirlínte an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, (an Cód) arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá ról agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais NSAI ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. Áirítear iad seo a leanas ar ítimí buana a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascálacha ó choistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta,
- Bainistíocht Riosca
- Rialachas Corparáideach agus
- Cúrsaí forchoimeádta.

Le hAlt 8(2) den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 ceanglaítear ar NSAI agus gach cuntas airgid is cuí agus is gnáth a fhaightear agus a chaitear ann a choinneáil i cibé foirm a fhaomhadh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus, go háirithe, gach cuntas speisialta a choinneáil i cibé foirm arna lua thuas a ordódh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go chéile. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an NSAI:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh NSAI i mbun oibre.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an ghrúpa lena n-áirítear an fhochuideachta atá ar lánúinéireacht, NSAI Inc, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin NSAI faoi fhreagracht an Bhoird.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht NSAI, faoi threoir thuairisciú PTF an Phríomhfheidhmeannaigh agus tuarascálacha bainistíochta airgeadais, ar bhonn ráithiúil.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cruinn i ráitis airgeadais NSAI ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NSAI amhail an 31 Nollaig 2018.

## Struchtúr an Bhoird

Ceapann an tAire na Comhaltaí, i gcomhréir le forálacha Acht NSAI 1996, as i measc na leasanna sin atá bainteach leis an bpróiseas um chaighdeánú agus deimhniúchán tráchtearraí, próisis agus cleachtais, gan leas amháin ar bith chun tosaigh.

Cuimsítear ar an mBord freagrach trí chomhalta déag: Cathaoirleach agus 11 Chomhalta, a cheapann an tAire Stáit ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag a bhfuil an fhreagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí. Is comhalta ex-officio an tOifigeach Feidhmiúcháin ar feadh théarma a conartha.

Ceaptar comhaltaí sa Bhord ar bhonn bliantúil, ar chomóradh lá bunaithe NSAI, nuair a éiríonn na trí Chomhalta is faide fónamh as an mBord. I gcomhréir le hAcht NSAI 1996, rinne an tAire dhá Chomhalta a bhí le héirí as in 2018 a athcheapadh.

Tagann an Bord le chéile dhá uair sa mhí agus thionóil sé 6 chruinniú in 2018. Tá an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird le haghaidh 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a íocadh le gach comhalta sa bhliain.

| Comhaltaí Boird | Ról | Ceaptha | Éirithe As | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh | Táillí 2018 | Speansais 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal J. Kennedy | Cathaoirleach | an 9 Aibreán 2018 | | 5 | 8,717 | 6,764 |
| An tUasal K. Ryan | Leas-Chathaoirleach | an 15 Aibreán 2009 Athcheaptha an 27 Meitheamh 2013 an 20 Meitheamh 2016 | | 5 | 7,668 | 0 |
| An tUasal R. Blackburn | Comhalta | an 20 Meitheamh 2016 | | 6 | 7,668 | 0 |
| V. Bowens Uasal | Comhalta | an 12 Bealtain 2014 Athcheaptha an 17 Aibreán 2018 | | 5 | 7,668 | 654 |
| N. Brennan Uasal (Nóta 1) | Comhalta | an 20 Meitheamh 2016 | | 6 | 0 | 0 |
| An tUasal K. Cox (Nóta 1) | Ball Foirne Ionadaí | an 14 Aibreán 2012 Athcheaptha an 14 Aibreán 2015 | an 14 Aibreán 2018 | 1 | 0 | 0 |
| An tUasal K Early (Nóta 1) | Ball Foirne Ionadaí | an 1 Deireadh Fómhair 2015 | an 14 Aibreán 2018 | 1 | 0 | 0 |
| A. Goggin Uasal (Nóta 1) | Comhalta | an 31 Eanáir 2013 Athcheaptha an 20 Meitheamh 2016 | | 6 | 0 | 0 |
| An tUasal T. Landers | Comhalta | an 6 Márta 2012 Athcheaptha an 28 Márta 2014 an 29 Márta 2017 | | 5 | 7,668 | 2 |
| An Dr A. O'Boyle | Comhalta | an 12 Bealtaine 2014 Athcheaptha an 29 Márta 2017 | | 6 | 7,668 | 0 |
| An tUasal F. O'Byrne (Nóta 1) | Ball Foirne Ionadaí | an 17 Aibreán 2018 | | 5 | 0 | 0 |
| D. O'Hara Uasal | Comhalta | an 31 Eanáir 2013 Athcheaptha an 20 Meitheamh 2016 | | 6 | 7,668 | 1,010 |
| D. Smith Uasal | Comhalta | an 12 Bealtaine 2014 Athcheaptha an 17 Aibreán 2018 | | 6 | 7,668 | 765 |
| An tUasal B. Smith (Nóta 1) | Ball Foirne Ionadaí | an 17 Aibreán 2018 | | 4 | | 787 |
| | | | | | | |
| G. Larkin Uasal (Nóta 1) | Príomhfheidhmeannach Oifigeach / Comhalta ex-officio | an 20 Feabhra 2017 | | 6 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | | | | | **62,393** | **9,980** |
| Nótaí | 1. Níl luach saothair iníoctha i gcomhréir le príomhaithe OPOS | | | | | |

## Táillí agus Speansais an Bhoird

Íoctar táillí na gComhaltaí Boird i gcomhréir leis an mBarántas Ceapacháin.

Déantar speansais a phróiseáil ag na rátaí agus faoi réir na rialachán is iomchuí maidir leis na Státseirbhísigh den ghrád is airde.

## Éifeachtúlacht agus Meastóireacht an Bhoird

Chuir an Bord Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Bhoird i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2018 a ndearna an Bord athbhreithniú air agus a ghlac sé i mí Feabhra 2019.

## Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord trí choiste, faoi mar a leanas:

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Agus ceithre chomhalta Boird ar a laghad ann tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht na heagraíochta. Is príomh-chomhpháirt é an CIR den rialachas agus de na córais rialuithe inmheánacha arna gcur chun feidhme ag an mBord. Is é ról an CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna maidir le riosca, an timpeallacht rialaithe, tuairisciú airgeadais agus dearbhuithe bainteacha. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i dtuarascáil bhliantúil don Bhord. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé cúig chruinniú in 2018. Freastalaíonn an lucht bainistíochta ar iarratas ó Chathaoirleach CIR agus tagann an CIR le chéile leis na hiniúchóirí gan bliain gan an lucht bainistíochta i láthair.

| Líon na gCruinnithe | 5 |
|---|---|
| An tUasal R. Blackburn – Cathaoirleach | 5 |
| An Dr A. O'Boyle | 5 |
| N. Brennan Uasal | 5 |
| D. Smith Uasal | 4 |

## An Coiste Ainmniúchán

Agus ceithre chomhalta Boird ann, is é príomhról an Choiste Ainmniúchán athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh leis an mBord i ndáil le ceapacháin agus pleanáil chomharbais agus na dúshláin agus na deiseanna atá os comhair NSAI, agus na scileanna agus an saineolas a theastaíonn ar an mBord amach anseo á mbreithniú. Mura bhfuil an Príomhfheidhmeannach i láthair, tacaíonn an coiste le riachtanais an Bhoird chomh maith maidir le Ceapachán agus Feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé trí chruinniú in 2018.

| Líon na gCruinnithe | 3 |
|---|---|
| An tUasal J. Kennedy – Cathaoirleach | 2 |
| D. Smith Uasal | 3 |
| An tUasal K. Ryan | 1 |
| An tUasal T. Landers | 3 |
| G. Larkin Uasal – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 3 |

## An Coiste Rialachais

Agus ceithre chomhalta Boird ann is é príomhról an Choiste Rialachais struchtúir rialachais chorparáidigh fhoriomlána NSAI a shainiú agus a chur in iúl lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Treoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach is infheidhme do NSAI a fhorbairt agus a mholadh don Bord lena bhfaomhadh agus athmheasúnú a dhéanamh ar na treoirlínte sin agus athruithe beartaithe ar bith a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha a fhaomhann an Bord agus thionóil sé cruinniú amháin in 2018.

| Líon na gCruinnithe | 1 |
|---|---|
| D. O'Hara Uasal – Cathaoirleach | 1 |
| V. Bowens Uasal | 1 |
| A. Goggin Uasal | 1 |
| An tUasal B. Smith | 1 |

## NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. in New Hampshire, SAM an 1 Iúil, 1997 mar chorparáid sheachbhrabúsach faoi lánúinéireacht NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin reatha agus beartaithe na hÉireann agus caighdeáin reatha agus beartaithe AE, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus meastóireacht ar tháirgí, ar phróisis agus ar chleachtais agus ar dheimhniúcháin chun cloí le caighdeáin AE, caighdeáin na hÉireann agus caighdeáin Idirnáisiúnta. Cloíonn eintiteas SAM le ceanglais rialacháin chónaidhmeacha agus stáit SAM.

Tá an fhochuideachta faoi réir na rialuithe sonracha bainistíochta agus nós imeachta arna bhfaomhadh ag Bord NSAI Inc. agus tá siad cuimsithe laistigh de na ráitis fhoriomlána seo maidir le comhlíonadh agus éifeachtúlacht rialuithe. Tá trí chomhalta de Bhord NSAI Inc. ina gcomhaltaí ar Bhord NSAI.

Feidhmíonn Bord NSAI Inc. i gcomhréir le nósanna imeachta rialachais arna bhfaomhadh ag an mBord agus thionóil sé ceithre chruinniú in 2018.

| **Líon na gCruinnithe** | **4** |
|---|---|
| An tUasal T. Landers – Cathaoirleach | 4 |
| V. Bowens Uasal | 4 |
| G. Larkin Uasal – Príomhfheidhmeannach | 4 |
| An tUasal C. Morrell – NSAI Inc. | 4 |

## Nochtadh arna Cheangal leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh NSAI le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na nÚdarás maidir leis an gCód agus a Chreat Dearbhaithe tá na comhaltaí sásta gur comhlíonadh ceanglais um nochtadh an Chóid go hiomlán laistigh de na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear;

- Caiteachas Taistil agus Cothaithe – Nóta 3(b)
- Sainchomhairleoireacht – Nóta 3(d)
- Fáilteachas – Nóta 3(f)
- Miondealú ar shochair fostaithe – Nóta 3(g)

## Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Ceapadh an tUasal James Kennedy mar Chathaoirleach an 9 Aibreán 2018.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Tá Ráiteas cuimsitheach maidir le Rialú Inmheánach cuimsithe sna Ráitis Airgeadais.

## Costais Dhlíthiúil agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh costais dhlíthiúla nó socraíochtaí ar bith. Nochtar costais dhlíthiúla faoi chostais sainchomhairleoireachta i gcomhréir leis an gCód.

## Timpeallacht Rialachais i gCoitinne

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin agus leis an gCód, ceanglaítear ar NSAI chomh maith cloí le réimse ceanglas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sonrach seo a leanas a chinntiú:

### Rialachán AE Uimh. 1025/2012 maidir le Caighdeánú Eorpach

Fuair NSAI fógra ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar an gcomhlacht náisiúnta caighdeán le haghaidh CEN, CENELEC agus ETSI faoi Rialachán AE maidir le Caighdeánú agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí um chaighdeánú a fhoilsiú.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Caighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus rialacháin leantacha

I gcomhréir le forálacha na nAchtanna, ceanglaítear ar gach Comhalta agus ar gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu cloí le forálacha na nAchtanna.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2011 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2012

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Soláthraíonn NSAI roinnt scéimeanna, amhail forbairt na foirne, sosanna gairme agus socruithe oibre solúbtha, rud a chuidíonn le timpeallacht cothromaíochta oibre is saoil a fhorbairt do na baill foirne uile.

Tá beartas maidir le Dínit ag an Obair i bhfeidhm agus cuireadh in iúl do na baill foirne ar fad é.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann NSAI bearta cuí chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus gach cuairteora a chosaint i gcomhréir le forálacha an Achta sin.

### Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Ní comhlacht ainmnithe é NSAI chun críocha an Achta. Mar sin féin, cloíonn NSAI leis na nósanna imeachta sna hAchtanna sin chun foráil a dhéanamh i leith ionadaíocht ball foirne ar an mBord.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Fuair NSAI 1 nochtadh cosanta le linn na tréimhse tuairiscithe 1 Eanáir 2018 go dtí 31 Eanáir 2018. Rinneadh an cheist a tuairiscíodh faoin nochtadh a imscrúdú, ní raibh gá le gníomhú chun dul i ngleic leis an gceist a ardaíodh.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Cloíonn NSAI le forálacha an Achta sin. Bunaítear leis an Acht na cearta reachtúla seo a leanas:

- Rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Go ndéanfaí faisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí a bhaineann leis an duine aonair sin a leasú i gcás go bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Rochtain ar thaifid maidir le cinntiú a bhaineann leis duine a rinne an comhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, NSAI, 1 Cearnóg Swift, an Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

### DNa hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Tá NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus cloíonn sé le forálacha na nAchtanna sin.

### Cóid Caiteachais Phoiblí

Bhunaigh NSAI nósanna imeachta atá comhsheasmhach leis na prionsabail atá leagtha amach sa chód sin.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhirt Tráchtála) 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh NSAI le forálacha an Achta sin i ngach cás ábhartha.

### Íocaíocht Phras le Soláthraithe

Tá NSAI tiomanta dá chinntiú go ndéanfar gach sonrasc bailí soláthraithe a íoc go pras, faoi Riail Íocaíochta Praise 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Tuairiscíonn NSAI ar bhonn ráithiúil ar an suíomh gréasáin maidir leis an bhfeidhmíocht i gcoinne an cheanglais sin.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá NSAI tiomanta do gach iarracht is féidir a dhéanamh le bheith éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. Le linn 2018, d'ídigh NSAI an fuinneamh seo a leanas thar naoi saoráid:

| | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| kWh Leictreachais | 1,209,148 | 1,215,311 |
| kWh Gáis Nádúrtha | 1,314,676 | 1,368,693 |

De réir Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí de chuid ÚIFÉ maidir le dul chun cinn na hearnála poiblí i dtreo sprioc coigiltis fuinnimh 33% a bhaint amach le haghaidh dheireadh 2020 tuairiscítear gur bhain NSAI coigilteas fuinnimh 5.35% níos fearr ná 2017, ídiú 2.9% níos lú ná 2017 agus laghdú 21.1% ar an iomlán amach i gcoinne na bonnlíne.

Glacann NSAI páirt i gcreat-chomhaontuithe maidir le soláthar leictreachais agus gáis a fhaigheann an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go lárnach.

### Cairt Chustaiméirí

I gCairt Chustaiméirí NSAI leagtar amach ár dtiomantas do sheirbhísí ardchaighdeáin dár gcustaiméirí agus tá sé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán "Maidir le NSAI – Eagraíocht – Seirbhís do Chustaiméirí" den suíomh gréasáin. Cuimsítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980 agus an Achta um Ombudsman do Leanaí 2002.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

I gcomhréir le halt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla.

### Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid Rialachán (I.R. 279 de 2005)

Cloíonn NSAI le ceanglais uile an rialacháin maidir le ceadúnú faisnéise lena hathúsáid.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinne an Bord athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha agus ar chreat dearbhaithe NSAI. Bunaithe ar an athbhreithniú sin dearbhaíonn an Bord dearbhú réasúnta gur chloígh NSAI leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2018.



**JAMES KENNEDY**
Cathaoirleach
an 13 Meitheamh 2019

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar cheann an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú laistigh den eagraíocht ina gcuimsítear fochuideachta faoi lánúinéireacht NSAI, NSAI Inc. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Áirítear leis an córas um rialú inmheánach rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le tosaíochtaí straitéiseach NSAI a bhaint amach agus na cistí poiblí agus cistí eile agus na sócmhainní as a bhfuil NSAI freagrach á gcosaint.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú go cuí agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earraí nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath i dtréimhse thráthúil agus go ndéantar beart ceartaitheach nuair is gá. Tá Córas um Rialú Inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú.

## Timpeallacht Rialaithe, Riosca agus Nósanna Imeachta

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag NSAI ina bhfuil comhaltaí Boird ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig CIR le chéile 5 huaire in 2018. Cuirtear bonn eolais faoin bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus faoina clár oibre le hanailís ar cheisteanna riosca agus rialaithe laistigh de NSAI. Déanann an CIR an plean iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus tugann sé comhairle don Bhord faoi. Lena chois sin, tá NSAI faoi réir athbhreithnithe creidiúnaithe, bainistíochta cáilíochta agus athbhreithnithe eile chomh maith a dhéanann tríú páirtithe agus a bhreithníonn an lucht Bainistíochta.

Tá coistí Rialachais agus Ainmniúchán ag NSAI ina gcuimsítear comhaltaí boird agus faomhadh an Bord na téarmaí tagartha. Soláthraíonn na coistí sin tuarascálacha rialta don Bhord.

Tá creat agus próiseas bainistíochta riosca foriomlán ag NSAI lena bhfuil beartas bainistíochta riosca agus ráiteas um inghlacthacht riosca. Tá an bearta bainistíochta riosca ar fáil don fhoireann uile. Tá Ról Príomhoifigigh Riosca ann. Breithníonn an lucht Bainistíochta an clár riosca chorparáidigh sula ndéanann an CIR athbhreithniú air agus sula gcuirtear i láthair an Bhoird é. Tá bainistíocht riosca ina hítim rialta ar chlár oibre an Bhoird.

Tá bearta déanta ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Cód Iompair Ghnó lena gceanglaítear ar na comhaltaí Boird, ar an lucht bainistíochta agus ar na baill foirne na caighdeáin eiticiúla is airde a choimeád,
- comhlíonadh cheanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí a chinntiú,
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht ar fheidhmíocht na foirne agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- athbhreithnithe córasacha ag Iniúchóireacht Inmheánach na gceisteanna maidir le rialú inmheánach agus rioscaí,
- nósanna imeachta taifeadta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad,
- cláir shonracha oiliúna agus feasachta a cheaptar chun na rioscaí a shainaithnítear maidir le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn agus fadhbanna suntasacha comhlíonta a mhaolú,
- cúrsaí a fhorchoimeádtar don Bhord lena gcinneadh,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus cuntasachta comhfhreagraí ar an leibhéal bainistíochta,
- córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil atá faoi réir fhaomhadh an Bhoird,
- córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ina ndírítear ar shlándáil agus athléimneacht na gcóras teicneolaíochta faisnéise,
- córas rialaithe airgeadais i bhfeidhm chun maoirseacht na n-acmhainní airgeadais agus cosaint sócmhainní a chinntiú,
- nósanna imeachta chun laigí suntasacha rialaithe a chinneadh agus a thuairisciú agus beart ceartúcháin cuí a chinntiú.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe in am agus i dtráth. I gcás go sainaithnítear easnaimh comhaontaítear na feabhsuithe is gá leo siúd a bhfuil an fhreagracht acu as beart ceartaitheach a dhéanamh agus déantar an tuairisciú cuí don lucht bainistíochta, don CIR agus don Bhord de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat lena gcuimsítear tuairisciú rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta.

Áirítear air go sonrach:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú,
- monatóireacht leanúnach ag an mBord ar an bplean agus buiséad bliantúil lena n-áirítear PTFanna, agus
- athbhreithnithe rialta ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na feidhmíochta airgeadais agus neamhairgeadais araon ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad agus cuspóirí.

## Soláthar

Tá oifigeach soláthair tiomanta/feidhm soláthair thiomanta ag NSAI. Áirítear ar na socruithe soláthair plean soláthair bliantúil, nuashonruithe rialta soláthair do bhainisteoirí, úsáid Creataí OGP, agus úsáid mionchomórtas de réir riachtanais na heagraíochta.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NSAI chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha nós imeachta a chinntiú agus gur chomhlíon NSAI na nósanna imeachta sin in 2018.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag NSAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú NSAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de NSAI a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha do 2018 ag cruinniú an Bhoird an 26 Aibreán 2019. Cuireadh bonn eolais faoin athbhreithniú le tuarascáil fhoirmiúil ar na córais rialaithe inmheánaigh a rinne an CIR, a breithníodh mar ítim ar chlár oibre chruinniú an CIR an 24 Aibreán 2019.

## Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach a mbeadh caillteanais ábhartha mar thoradh orthu i ndáil le 2018 lena gceanglaítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird:

| | |
|---|---|
| **JAMES KENNEDY**<br>Cathaoirleach<br>an 13 Meitheamh 2019 | **GERALDINE LARKIN**<br>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin<br>an 13 Meitheamh 2019 |

# AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
# TUARASCÁIL LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas comhdhlúite ar an ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas na cuideachta maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas comhdhlúite maidir le sreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2018 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### Béim ar ábhar - maoiniú pinsean iarchurtha


Gan mo thuairim a cháilíochtú tarraingím aird ar nóta 12 (c) leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann sócmhainn i ndáil le maoiniú sochar scoir iarchurtha - soláthróidh an Stát luach reatha an chistithe a thuarann sé amach anseo chun dliteanais sochar scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá bonn tuisceana ag baint le hionramháil sin na cuntasaíochta go ndéanfar ioncam ar bith a ghinfidh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar an gcéad dul síos a úsáid i gcomhair speansais reatha agus go n-íocfar as maoiniú an Stáit easnamh reatha ar bith nó easnamh amach anseo ar bith sna hacmhainní lena n-áirítear dliteanais sochar scoir amach anseo.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas um rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht. Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



**ANDREW HARKNESS**
Thar ceann agus ar son:
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
an 18 Meitheamh 2019

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Faoi mar atá mionsonraithe ráiteas maidir le rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhalta Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 8 den Chéad Sceideal leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairisc ábhartha, más ann di, le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta.
Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann scor de bheith ina ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh ina léirítear cur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim d'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

# COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

## Bord NSAI

Tá Comhlachtaí Boird NSAI, a cheapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta comhdhéanta dóibh seo a leanas:

## Comhaltaí Boird

An tUasal J. Kennedy – Cathaoirleach.
Ceaptha an 9 Aibreán 2018

An tUasal K. Ryan - Leas-Chathaoirleach

G. Larkin Uasal – Príomhfheidhmeannach

An tUasal R. Blackburn

V. Bowens Uasal - Athcheaptha an 14 Aibreán 2018

N. Brennan Uasal

An tUasal K. Cox - Éirithe as an 14 Aibreán 2018

An tUasal K. Early - Éirithe as an 14 Aibreán 2018

A. Goggin Uasal

An tUasal T. Landers

An Dr A. O'Boyle

An tUasal F O'Byrne - Athcheaptha an 17 Aibreán 2018

D. O'Hara Uasal

An tUasal B. Smith - Athcheaptha an 17 Aibreán 2018

D. Smith Uasal - Athcheaptha an 14 Aibreán 2018

An tUasal. P. Bracken - Rúnaí an Bhoird

## Eolas ginearálta

**Ceannoifig**
1 Cearnóg Swift,
An Choill Thuaidh,
Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9.

**Iniúchóirí**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

**Baincéirí**
Bainc-Aontas Éireann, cpt.

**Aturnaetha**
Eversheds Sutherland

# RÁITEAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 2 | **25,110,096** | 22,657,771 |
| **Caiteachas** | | | |
| Speansais riaracháin agus ghinearálta | 3 | **25,604,988** | 24,014,149 |
| Costas sochar scoir | 12(a) | **4,269,921** | 3,954,159 |
| | | **29,874,909** | 27,968,308 |
| **Easnamh roimh dheontais an Oireachtais** | | **(4,764,813)** | (5,310,537) |
| Deontas an Oireachtais | 4 | **6,156,810** | 5,794,151 |
| **Barrachas oibriúcháin don bhliain** | | **1,391,997** | 483,614 |
| Aistriú (go)/ón gcuntas caipitil | 5 | **(47,887)** | 205,161 |
| Coigeartú aistriúcháin | | **144,314** | (334,907) |
| **Barrachas don bhliain** | | **1,488,424** | 353,868 |
